Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Feabhra 2019
(OR. en)

6219/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0204(COD)**

CODEC 349
JUSTCIV 44
EJUSTICE 18
COMER 22
PE 33

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó in ábhair thráchtála (seirbheáil doiciméad)<br>- An toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa,<br>(Strasbourg, 11 go 14 Feabhra 2019) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Sergio Gaetano COFFERATI (S&D, IT), tuarascáil ar an togra le haghaidh Rialacháin thar ceann an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla. Bhí 64 leasú ar an togra sa tuarascáil. Níor cuireadh síos aon leasú eile.

## II. VÓTÁIL

Caitheadh vóta ag an seisiún iomlánach ar an 13 Feabhra 2019 agus ghlac an seisiún iomlánach na leasuithe Uimh. 1 go 64 ar an togra le haghaidh Rialacháin.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é seasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo[1].

---

[1] Rinneadh an leagan sin de sheasamh na Parlaiminte atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a tháinig de bharr na leasuithe a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún a léiriú. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a léirítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Léirítear téacs a scriosadh leis an tsiombail " ▌ ".

## Doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó in ábhair thráchtála ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Feabhra 2019 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó in ábhair thráchtála (seirbheáil doiciméad) (COM(2018)0379 – C8-0243/2018 – 2018/0204(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0379),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 81 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0243/2018);

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 17 Deireadh Fómhair 2018[2]

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A8-0001/2019),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[2] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Chun go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach mar is ceart ní mór feabhas breise a chur ar tharchur agus seirbheáil doiciméad breithiúnach agus doiciméad seachbhreithiúnach in ábhair shibhialta nó in ábhair thráchtála idir na Ballstáit agus an tarchur agus an tseirbheáil sin a bhrostú. | (1) Chun go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach mar is cuí ***agus chun go bhforbróidh limistéar ceartais shibhialta san Aontas*** ní mór feabhas breise a chur ar tharchur agus seirbheáil doiciméad breithiúnach agus doiciméad seachbhreithiúnach in ábhair shibhialta nó in ábhair thráchtála idir na Ballstáit agus an tarchur agus an tseirbheáil sin a bhrostú***, agus, ag an am céanna, ardleibhéal slándála agus cosanta a áirithiú i dtarchur na ndoiciméad sin agus, sa chaoi sin, cearta an tseolaí a choimirciú agus príobháideachas sonraí pearsanta a chosaint***. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Chun a áirithiú gur luath a tharchuirfear doiciméid chuig Ballstáit eile chun críocha seirbheála iontu, ba cheart gach modh cumarsáide nua-aimseartha a úsáid, ar acht go gcomhlíonfar coinníollacha áirithe maidir le sláine agus iontaofacht an doiciméid a gheofar. Chun na críche sin, ba cheart an chumarsáid uile agus na malartuithe uile idir gníomhaireachtaí agus comhlachtaí arna n-ainmniú ag na Ballstáit a dhéanamh trí chóras TF díláraithe atá comhdhéanta de chórais TF náisiúnta. | (4) Chun a áirithiú ***go héifeachtach*** gur go pras a tharchuirfear doiciméid chuig Ballstáit eile chun críocha seirbheála iontu, ba cheart gach modh cumarsáide iomchuí nua-aimseartha a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe maidir le sláine agus iontaofacht an doiciméid a gheofar ***agus go ndéanfar urraim do chearta nós imeachta, ardleibhéil slándála i dtarchur na ndoiciméad sin agus cosaint an phríobháideachais agus na sonraí pearsanta a áirithiú***. Chun na críche sin, ba cheart an chumarsáid uile agus na malartuithe uile idir gníomhaireachtaí agus comhlachtaí arna n-ainmniú ag na Ballstáit a dhéanamh trí chóras TF díláraithe atá comhdhéanta de |

chórais TF náisiúnta.

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Ba cheart an córas TF díláraithe atá le bunú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1393/2003 a bheith bunaithe ar chóras e-CODEX agus ba cheart go ndéanfadh eu-LISA bainistiú air. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do eu-LISA le haghaidh córas den sórt sin a thabhairt isteach agus a choinneáil i mbun oibriú, mar aon le tacaíocht theicniúil a sholáthar do na gníomhaireachtaí a dhéanfaidh na doiciméid a tharchur agus a fháil, agus do chomhlachtaí lárnacha i gcás ina mbeadh fadhbanna le hoibriú an chórais. Ba cheart don Choimisiún, a luaithe is féidir, agus in aon chás roimh dheireadh 2019, togra a thíolacadh le haghaidh Rialachán maidir le cumarsáid trasteorann in imeachtaí breithiúnacha (e-CODEX).*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4b) I gcás ina bhfuil doiciméad lena dtionscnaítear na himeachtaí seirbheáilte ar an gcosantóir cheana féin agus nár dhiúltaigh an cosantóir glacadh leis an doiciméad sin, ba cheart deis a chur ar fáil, faoi dhlí Bhallstát an fhóraim, do na páirtithe a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát eile ionadaí a cheapadh chun*** |

| | |
|---|---|
| | ***críche doiciméid a sheirbheáil orthu siúd i mBallstát an fhóraim, ar choinníoll go bhfuil an páirtí lena mbaineann curtha ar an eolas go cuí faoi na hiarmhairtí a bhainfeadh leis an rogha sin agus go bhfuil glactha go follasach aige leis an rogha sin.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Ba cheart don ghníomhaireacht fála a chur in iúl don seolaí i scríbhinn agus san fhoirm chaighdeánach, i ngach cás agus gan aon chorrlach lánroghnach ina leith, go bhféadfaidh sé an doiciméad atá le seirbheáil a dhiúltú mura bhfuil sé i dteanga a thuigeann sé ***nó i gceann de theangacha oifigiúla áit na seirbheála***. Ba cheart feidhm a bheith ag an riail seo chomh maith maidir le haon seirbheáil a dhéanfar tar a éis sin nuair a bheidh an ceart atá aige diúltú feidhmithe ag an seolaí. Ba cheart feidhm a bheith ag ceart an diúltaithe maidir le seirbheáil a dhéanann gníomhairí taidhleoireachta nó consalacha, seirbheáil trí sheirbhísí poist agus seirbheáil dhíreach. Ba cheart an deis a bheith ann seirbheáil an doiciméid a diúltaíodh a leigheas trí aistriúchán ar an doiciméad sin a sheirbheáil ar an seolaí. | (5) Ba cheart don ghníomhaireacht fála a chur in iúl ***in am trátha*** don seolaí i scríbhinn agus san fhoirm chaighdeánach, i ngach cás agus gan aon lánrogha ina leith, go bhféadfaidh sé diúltú glacadh leis an doiciméad atá le seirbheáil mura bhfuil sé i dteanga a thuigeann sé nó sí. Ba cheart feidhm a bheith ag an riail sin freisin maidir le haon seirbheáil a dhéanfar ina dhiaidh sin nuair a bheidh an ceart atá aige nó aici diúltú feidhmithe ag an seolaí. Ba cheart feidhm a bheith ag ceart an diúltaithe maidir le seirbheáil a dhéanann gníomhairí taidhleoireachta nó consalacha, seirbheáil trí sheirbhísí poist ***nó cúiréara*** agus seirbheáil dhíreach. Ba cheart an deis a bheith ann seirbheáil an doiciméid a diúltaíodh a leigheas trí aistriúchán ***oifigiúil*** ar an doiciméad sin a sheirbheáil ar an seolaí. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Má dhiúltaíonn an seolaí an doiciméad a ghlacadh, ba cheart don chúirt nó don údarás a bhfuil na himeachtaí dlí os a chomhair ar éirigh an tseirbheáil riachtanach lena linn, ba cheart di nó dó a chinntiú an raibh údar cuí leis an diúltú sin. | (6) Má dhiúltaíonn an seolaí glacadh leis an doiciméad, ba cheart don chúirt nó don údarás a bhfuil na himeachtaí dlí os a comhair nó os a chomhair a ndearnadh an tseirbheáil riachtanach lena linn a chinntiú go raibh údar cuí leis an diúltú sin. Chuige |

| | |
|---|---|
| Chuige sin, ba cheart don chúirt sin nó don údarás sin an fhaisnéis ábhartha uile atá sa chomhad ***nó atá ar fáil aici nó aige*** a chur san áireamh chun a dhéanamh amach go cruinn cé na scileanna teanga atá ag an seolaí. Agus í ag meas scileanna teanga an tseolaí, ba cheart don chúirt eilimintí faisnéise a chur san áireamh amhail doiciméid a scríobh an seolaí sa teanga lena mbaineann, an mbaineann ceird an tseolaí leis na scileanna teanga sin ***(e.g. múinteoir nó ateangaire)***, an saoránach é an seolaí den Bhallstát ina bhfuil na himeachtaí breithiúnacha ar bun nó an raibh cónaí ar an seolaí ar feadh ***tamall*** fada sa Bhallstát sin roimhe sin. ***Níor cheart an measúnú sin a dhéanamh má tarraingíodh suas an doiciméad sin i dteanga oifigiúil nó i gceann de theangacha oifigiúla ionad na seirbheála nó má aistríodh é go dtí an teanga sin.*** | sin, ba cheart don chúirt sin nó don údarás sin an fhaisnéis ábhartha uile atá sa chomhad a chur san áireamh chun a dhéanamh amach go cruinn cé na scileanna teanga atá ag an seolaí. Agus í ag meas scileanna teanga an tseolaí, ba cheart don chúirt gnéithe faisnéise a chur san áireamh amhail doiciméid a scríobh an seolaí sa teanga lena mbaineann, an mbaineann ceird an tseolaí leis na scileanna teanga sin, an saoránach é an seolaí den Bhallstát ina bhfuil na himeachtaí breithiúnacha ar bun nó an raibh cónaí ar an seolaí ar feadh ***tréimhse*** fhada sa Bhallstát sin roimhe sin. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Chun go mbeidh imeachtaí breithiúnacha éifeachtúil tapa, ní mór cainéil dhíreacha éascaithe a bheith ann le haghaidh doiciméid a sheirbheáil ar dhaoine i mBallstát eile. ***Dá bharr sin,*** ba cheart an deis a bheith ann do dhuine a bhfuil leas aige in imeacht breithiúnach nó do chúirt nó údarás a bhfuil imeacht breithiúnach os a c(h)omhair ar sheirbheáil doiciméad a dhéanamh díreach le modhanna leictreonacha chuig ***cuntas úsáideora digiteach*** seolaí a bhfuil cónaí air i mBallstát eile. ***Ba cheart coinníollacha a bheith leagtha amach maidir leis an*** tseirbheáil dhíreach leictreonach sin ***lena n-áireofaí nach n-úsáidfí cuntais úsáideora leictreonacha*** ach i gcás ina mbeadh coimircí iomchuí ann chun leasanna na seolaithe a chosaint, ***bíodh sin le*** hardchaighdeáin theicniúla ***nó*** | (7) Chun go mbeidh imeachtaí breithiúnacha éifeachtúil agus tapa, ní mór cainéil dhíreacha, éascaithe agus slána a bheith ann le haghaidh doiciméid a sheirbheáil ar dhaoine i mBallstát eile. Ba cheart an deis a bheith ann do dhuine a bhfuil leas aige in imeacht breithiúnach nó do chúirt nó údarás a bhfuil imeacht breithiúnach os a comhair nó os a chomhair seirbheáil doiciméad a dhéanamh go díreach trí mhodhanna leictreonacha chuig seolaí a bhfuil sainchónaí air i mBallstát eile. Níor cheart seirbheáil dhíreach leictreonach den sórt sin ***a cheadú, áfach,*** ach amháin má bhíonn coimircí iomchuí ann chun leasanna na seolaithe a chosaint, ***lena n-áirítear*** ardchaighdeáin theicniúla ***agus*** toiliú sainráite arna thabhairt ag an seolaí. ***I gcás ina ndéantar doiciméid a sheirbheáil nó a tharchur go leictreonach,*** |

***i bhfoirm*** toilithe shainráite ón seolaí.

***ba cheart a bheith in ann admháil a chur ar fáil go bhfuarthas na doiciméid sin.***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Ba cheart feabhas a chur ar na cainéil dhíreacha atá ann cheana le haghaidh doiciméid a tharchur agus a sheirbheáil chun go gcuirfear ar fáil leo roghanna malartacha ar tharchur traidisiúnta trí na gníomhaireachtaí fála. Chun na críche sin, ba cheart do sholáthraithe seirbheála poist admháil fála shonrach a úsáid nuair a dhéanann siad seirbheáil tríd an bpost faoi Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007. Mar an gcéanna, ba cheart an deis a bheith ann d'aon duine a bhfuil leas aige in imeacht breithiúnach agus do chúirteanna nó údaráis a bhfuil imeacht breithiúnach os a gcomhair seirbheáil doiciméad a dhéanamh i gcríoch na mBallstát uile díreach trí na hoifigigh bhreithiúnacha nó trí oifigigh nó daoine inniúla eile sa Bhallstát lena mbaineann. | (8) ***I bhfianaise an ghá atá le feabhas a chur ar na creatfhorálacha maidir le comhar breithiúnach san Aontas agus na nósanna imeachta dlíthiúla poiblí riaracháin a thabhairt cothrom le dáta chun an idir-inoibritheacht trasteorann a mhéadú agus an caidreamh leis na saoránaigh a éascú,*** ba cheart feabhas a chur ar na cainéil dhíreacha atá ann cheana le haghaidh doiciméid a tharchur agus a sheirbheáil chun gur roghanna malartacha ***tapa,*** iontaofa***, níos sláine*** agus níos inrochtana i gcoitinne iad ar an tarchur traidisiúnta trí na gníomhaireachtaí fála. Chun na críche sin, ba cheart do sholáthraithe seirbheála poist admháil fála shonrach a úsáid nuair a dhéanann siad seirbheáil tríd an bpost faoi Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007. Mar an gcéanna, ba cheart an deis a bheith ann d'aon duine a bhfuil leas aige in imeacht breithiúnach agus do chúirteanna nó údaráis a bhfuil imeacht breithiúnach os a gcomhair seirbheáil doiciméad a dhéanamh i gcríoch na mBallstát uile díreach trí na hoifigigh bhreithiúnacha nó trí oifigigh nó daoine inniúla eile sa Bhallstát lena mbaineann. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) I gcás nár tháinig an cosantóir i láthair agus nach bhfuil aon deimhniú seirbheála ná deimhniú seachadta*** |

***faighte, ba cheart go mbeadh an breitheamh fós in ann breithiúnas a thabhairt, faoi réir srianta áirithe agus ar choinníoll go mbeidh ceanglais éagsúla comhlíonta maidir le coimirciú a thabhairt do leasanna an chosantóra. Sna cásanna sin, beidh sé bunriachtanach a áirithiú go ndéanfar gach iarracht réasúnta an cosantóir a chur ar an eolas go bhfuil imeachtaí cúirte tionscanta ina coinne nó ina choinne. Chuige sin, ba cheart don chúirt teachtaireachtaí foláirimh a sheoladh trí na cainéil chumarsáide uile atá ar fáil a bhfuiltear ar an eolas fúthu agus ar dócha nach féidir iad a rochtain ach ar bhealach atá ar fáil don seolaí amháin, lena n-áirítear, mar shampla, trí úsáid a bhaint as uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist nó cuntas príobháideach meán sóisialta an duine sin.***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus cloíonn sé leis na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, tá an Rialachán seo dírithe ar a áirithiú go n-urramófar go huile cearta cosanta na seolaithe, a eascraíonn ón gceart triail chóir a fháil atá cumhdaithe in Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. | (9) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear go háirithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, tá an Rialachán seo dírithe ar a áirithiú go n-urramófar go huile cearta cosanta na seolaithe, a eascraíonn ón gceart triail chóir a fháil, a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. ***Ar an gcaoi chéanna, trí rochtain chomhionann ar cheartas a ráthú, tá sé mar aidhm leis an Rialachán an neamh-idirdhealú a chur chun cinn (Airteagal 18 CFAE), agus urramaítear ann rialacha an Aontais atá ann cheana maidir le cosaint sonraí pearsanta agus an phríobháideachais.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Tá sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfar an Rialachán a chur i bhfeidhm i gcomhréir le dlí cosanta sonraí an Aontais agus go n-urramófar leis cosaint an phríobháideachais mar leagtar síos í sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Tá sé tábhachtach freisin a áirithiú go ndéanfar aon phróiseáil ar shonraí pearsanta daoine nádúrtha faoin Rialachán seo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir 2002/58/CE. Níor cheart sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil faoin Rialachán seo a phróiseáil ach amháin chun na gcríoch sonrach a leagtar amach sa Rialachán seo.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Chun gur féidir na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 a oiriúnú go tapa, ba cheart an chumhacht gníomh a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le hIarscríbhinn I, Iarscríbhinn II, agus Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán ***sin*** a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí | (10) ***Chun na socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chórais TF dhíláraithe le haghaidh doiciméid a mhalartú, agus cumarsáid a dhéanamh fúthu, idir na gníomhaireachtaí agus comhlachtaí arna n-ainmniú ag na Ballstáit a shainiú, agus chun cinneadh a dhéanamh faoi na socruithe mionsonraithe le haghaidh fheidhmiú na seirbhísí seachadta cláraithe leictreonacha cáilithe a úsáidfear chun doiciméid a sheirbheáil trí mhodhanna leictreonacha,*** ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le |

| | |
|---|---|
| na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016*. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. | hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún. ***Leis na gníomhartha tarmligthe sin, ba cheart go ráthófaí tarchur iontaofa agus rianúil na sonraí ábhartha, mar aon le hardleibhéil slándála sa tarchur, cosaint an phríobháideachais agus na sonraí pearsanta, agus, i dtaca le seirbheáil leictreonach doiciméad, rochtain chomhionann do dhaoine faoi mhíchumas. Thairis sin, chun gur féidir na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 a oiriúnú go tapa, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le leasuithe ar Iarscríbhinní I, II, agus IV a ghabhann leis an Rialachán sin.*** Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016*. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

***(12a) Féachtar leis an Rialachán seo le feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar luas na n-imeachtaí breithiúnacha trí shimpliú agus trí chuíchóiriú a dhéanamh ar na nósanna imeachta maidir le fógra a thabhairt faoi dhoiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha, nó cumarsáid a dhéanamh fúthu, ar leibhéal an Aontais, agus, ag an am céanna, le laghdú a dhéanamh ar mhoilleanna agus costais do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí. Sa bhreis air sin, le níos mó deimhneachta dlíthiúla, mar aon le nósanna imeachta atá níos simplí, agus atá cuíchóirithe agus digitithe, is féidir daoine aonair agus gnólachtaí a spreagadh le dul i mbun idirbhearta trasteorann agus, sa chaoi sin, borradh a chur faoin trádáil laistigh den Aontas agus, dá bhrí sin, faoi fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 1 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le doiciméad a sheirbheáil ar ionadaí údaraithe an pháirtí sa Bhallstát ina mbeidh na himeachtaí ar bun gan beann ar an áit a bhfuil cónaí ar an bpáirtí sin.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 2 – mír 4 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) na modhanna atá ar fáil dóibh chun doiciméid a fháil sna cásanna a leagtar amach in Airteagal 3a(6); ***;*** | (c) na modhanna atá ar fáil dóibh chun doiciméid a fháil sna cásanna a leagtar amach in Airteagal 3a***(4)***; |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 3a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Doiciméid, iarrataí, dearbhuithe, admhálacha, deimhnithe agus aon chumarsáid ***a dhéanfar ar bhonn na bhfoirmeacha caighdeánacha in Iarscríbhinn I*** idir na gníomhaireachtaí tarchuir agus na gníomhaireachtaí fála, idir na gníomhaireachtaí sin agus na comhlachtaí lárnacha, nó idir comhlachtaí lárnacha na mBallstát éagsúil, ***tarchuirfear*** iad trí chóras TF díláraithe a bheidh comhdhéanta de chórais TF náisiúnta a bheidh idirnasctha trí bhonneagar cumarsáide lenar féidir faisnéis a mhalartú thar theorainneacha go slán iontaofa idir córais TF náisiúnta. | 1. ***Maidir le tarchur*** doiciméad, iarrataí***, lena n-áirítear na hiarrataí arna dtarraingt suas trí úsáid a bhaint as na foirmeacha caighdeánacha in Iarscríbhinn I,*** dearbhuithe, admhálacha, deimhnithe agus aon chumarsáide eile idir na gníomhaireachtaí tarchuir agus na gníomhaireachtaí fála, idir na gníomhaireachtaí sin agus na comhlachtaí lárnacha, nó idir comhlachtaí lárnacha na mBallstát éagsúil, ***déanfar é*** trí chóras TF díláraithe a bheidh comhdhéanta de chórais TF náisiúnta a bheidh idirnasctha trí bhonneagar cumarsáide lenar féidir faisnéis a mhalartú ar bhealach slán iontaofa ***agus i bhfíor-am*** thar theorainneacha idir córais TF náisiúnta. ***Beidh córas TF díláraithe den sórt sin bunaithe ar e-CODEX agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***tacófar leis le maoiniú ón Aontas.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 3a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh feidhm ag an gcreat dlí ginearálta le haghaidh úsáid seirbhísí iontaoibhe a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014* ón gComhairle maidir leis na doiciméid, na hiarrataí, na dearbhuithe, na hadmhálacha, na deimhnithe agus le haon chumarsáid a thurchuirfear tríd an gcóras TF díláraithe dá dtagraítear i mír 1. | 2. Beidh feidhm ag an gcreat dlí ginearálta le haghaidh úsáid seirbhísí iontaoibhe ***cáilithe*** a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014* ón gComhairle maidir leis na doiciméid, na hiarrataí, na dearbhuithe, na hadmhálacha, na deimhnithe agus aon chumarsáid a thurchuirfear tríd an gcóras TF díláraithe dá dtagraítear i mír 1. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 3a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás inar gá séala nó síniú lámhscríofa le haghaidh doiciméad, iarrataí, dearbhuithe, admhálacha, deimhnithe agus cumarsáid eile dá dtagraítear i mír 1 nó i gcás ina mbeidh séala nó síniú lámhscríofa ina chuid díobh, féadfar 'ríomhshéalaí cáilithe' agus 'ríomhshínithe cáilithe' mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) | 3. I gcás inar gá séala nó síniú lámhscríofa le haghaidh doiciméad, iarrataí, dearbhuithe, admhálacha, deimhnithe agus cumarsáid eile dá dtagraítear i mír 1 nó i gcás ina bhfuil séala nó síniú lámhscríofa mar chuid díobh, féadfar ***na*** 'ríomhshéalaí cáilithe' agus 'ríomhshínithe cáilithe' ***iomchuí*** mar a shainmhínítear iad i Rialachán (AE) |

Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a úsáid ina ionad.

Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a úsáid ina ionad***, ar choinníoll go n-áiritheofar go hiomlán go bhfuil eolas faoi na doiciméid sin faighte ag an duine ar seirbheáladh na doiciméid thuasluaite air in am trátha agus ar bhealach dleathach***.

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 3a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Mura féidir tarchur a dhéanamh i gcomhréir le mír 1 de dheasca cur isteach eisceachtúil ***gan choinne*** ar an gcóras TF díláraithe, déanfar an tarchur leis na modhanna malartacha is tapa agus is féidir a úsáid. | 4. Mura féidir tarchur a dhéanamh i gcomhréir le mír 1 de dheasca ***imthosca gan choinne nó*** cur isteach eisceachtúil ar an gcóras TF díláraithe, déanfar an tarchur ar an modh malartach is tapa agus is féidir***, lena ráthófar an t-ardleibhéal céanna éifeachtúlachta, iontaofachta, slándála agus cosanta i leith an phríobháideachais agus sonraí pearsanta***. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 3a – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Tabharfar lánaird ar chearta agus saoirsí bunúsacha na ndaoine ar fad lena mbaineann, go háirithe an ceart chun cosaint sonraí pearsanta agus*** |

***príobháideachais, agus urramófar go hiomlán iad.***

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 3a – mír 4 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na socruithe mionsonraithe a leagan síos le haghaidh fheidhmiú an chórais TF dhíláraithe. Agus an chumhacht sin á feidhmiú aige, áiritheoidh an Coimisiún go ráthófar leis an gcóras malartú éifeachtach, iontaofa agus rianúil na faisnéise ábhartha, mar aon le hardleibhéal slándála sa tarchur, agus cosaint an phríobháideachais agus na sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir 2002/58/CE.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 3c – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás nach eol seoladh an duine a bhfuil an doiciméad breithiúnach nó seachbhreithiúnach le seirbheáil air i mBallstát eile, tabharfaidh na Ballstáit cúnamh ar cheann amháin nó níos mó de na modhanna seo a leanas: | 1. I gcás nach fios cén seoladh atá ag an duine a bhfuil an doiciméad breithiúnach nó seachbhreithiúnach le seirbheáil air i mBallstát eile, tabharfaidh na Ballstáit cúnamh***, gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 10 lá oibre,*** ar cheann amháin nó níos mó de na modhanna seo a leanas: |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 3c – mír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) treoir phraiticiúil mhionsonraithe faoi na sásraí atá ar fáil chun seoltaí daoine a chinneadh faoi chuimsiú an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh in ábhair shibhialta agus thráchtála agus d’fhonn an fhaisnéis a chur ar fáil don phobal. | (c) treoir phraiticiúil mhionsonraithe***, a bhfuil fáil uirthi ar líne,*** faoi na sásraí atá ar fáil chun seoltaí daoine a chinneadh faoi chuimsiú an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh in ábhair shibhialta agus thráchtála agus d’fhonn an fhaisnéis a chur ar fáil don phobal. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 3 c – mír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***an modh*** cúnaimh a sholáthróidh an Ballstát ina chríoch de bhun mhír 1; | (a) ***na modhanna*** cúnaimh a sholáthróidh an Ballstát ina chríoch de bhun mhír 1; |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 4 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Na doiciméid a tharchuirtear tríd an gcóras TF díláraithe dá dtagraítear in Airteagal 3a, ní dhéanfar éifeacht dhlíthiúil ná inghlacthacht mar fhianaise in imeachtaí dlíthiúla a shéanadh orthu ar aon fhoras amháin go bhfuil siad i bhfoirm leictreonach. Má dhéantar ***doiciméid*** pháipéir a athrú ina bhfoirm leictreonach chun críche tarchur tríd an gcóras TF díláraithe, beidh an éifeacht chéanna ag na ***cóipeanna*** leictreonacha nó ag ***asphiontaí na gcóipeanna*** sin leis na **doiciméid** bhunaidh.”; | 3. ***Beidh an Rialachán seo gan dochar d’aon cheanglais faoin dlí náisiúnta a bhaineann le cruinneas, iontaofacht agus foirm chuí dhlíthiúil na ndoiciméad.*** Na doiciméid a tharchuirtear tríd an gcóras TF díláraithe dá dtagraítear in Airteagal 3a, ní dhéanfar éifeacht dhlíthiúil ná inghlacthacht mar fhianaise in imeachtaí dlíthiúla a shéanadh orthu ar aon fhoras amháin go bhfuil siad i bhfoirm leictreonach. Má dhéantar ***doiciméad*** páipéir a athrú ina fhoirm leictreonach chun críche tarchur tríd an gcóras TF díláraithe, beidh an éifeacht chéanna ag an ***gcóip*** leictreonach nó ag ***asphrionta na cóipe*** sin is atá ag an doiciméad bunaidh***, ach amháin má cheanglaítear faoi dhlí náisiúnta na Bhallstáit lena mbaineann go seirbheálfaí an doiciméad sin sa leagan bunaidh agus páipéir***. ***Sa chás sin, eiseoidh an ghníomhaireacht fála leagan páipéir den doiciméad arna fháil i bhfoirm leictreonach. I gcás ina bhfuil séala nó síniú lámhscríofa ar na doiciméid bhunaidh, beidh séala nó síniú lámhscríofa ar an doiciméad a eiseofar. Beidh an éifeacht chéanna ag an doiciméad a eiseoidh an ghníomhaireacht*** |

***fála is atá ag an doiciméad bunaidh.***";

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 6 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ar dhoiciméad a fháil, cuirfear admháil uathoibríoch chuig an ngníomhaireacht tarchuir tríd an gcóras TF díláraithe dá dtagraítear in Airteagal 3a á rá go ndearnadh an seachadadh. | 1. Ar dhoiciméad a fháil, cuirfear admháil uathoibríoch chuig an ngníomhaireacht tarchuir ***láithreach*** tríd an gcóras TF díláraithe dá dtagraítear in Airteagal 3a lena gcuirfear in iúl go ndearnadh an seachadadh. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 6 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás nach bhféadfar an iarraidh ar sheirbheáil a chomhlíonadh ar bhonn na faisnéise nó na ndoiciméad a tarchuireadh, rachaidh an ghníomhaireacht fála i dteagmháil leis an ngníomhaireacht tarchuir chun an fhaisnéis nó na doiciméid atá in easnamh a fháil. | 2. I gcás nach bhféadfar an iarraidh ar sheirbheáil a chomhlíonadh ar bhonn na faisnéise nó na ndoiciméad a tarchuireadh, rachaidh an ghníomhaireacht fála i dteagmháil ***láithreach, agus in aon chás laistigh de cheithre lá oibre,*** leis an ngníomhaireacht tarchuir chun an fhaisnéis nó na doiciméid atá in easnamh a fháil. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 6 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 3. Más follas go bhfuil an iarraidh ar sheirbheáil lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo nó mura féidir an tseirbheáil a dhéanamh de bharr neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha foirmiúla riachtanacha, déanfar an iarraidh agus na doiciméid a tarchuireadh a chur ar ais, nuair a gheofar iad, chuig an ngníomhaireacht tarchuir, maille leis an bhfógra aischuir, ag baint úsáid as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn I. | 3. Más follas go bhfuil an iarraidh ar sheirbheáil lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo nó mura féidir an tseirbheáil a dhéanamh de dheasca neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha foirmiúla is gá, déanfar an iarraidh agus na doiciméid a tarchuireadh, nuair a gheofar iad, a chur ar ais ***láithreach, agus in aon chás laistigh de cheithre lá oibre,*** chuig an ngníomhaireacht tarchuir, maille leis an bhfógra aischuir, ag baint úsáid as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn I. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 6 – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 4. Gníomhaireacht fála a gheobhaidh doiciméad le seirbheáil ach nach mbeidh dlínse chríche aici chun é a sheirbheáil, cuirfidh sí ar aghaidh é, maille leis an iarraidh, tríd an gcóras TF díláraithe dá dtagraítear in Airteagal 3a chuig an ngníomhaireacht fála a bhfuil dlínse chríche aici sa Bhallstát céanna má bhíonn | 4. Gníomhaireacht fála a gheobhaidh doiciméad atá le seirbheáil ach nach mbeidh dlínse chríche aici chun é a sheirbheáil, déanfaidh sí ***láithreach, agus in aon chás laistigh de cheithre lá oibre***, an doiciméad sin maille leis an iarraidh, a chur ar aghaidh tríd an gcóras TF díláraithe dá dtagraítear in Airteagal 3a chuig an |

| | |
|---|---|
| an iarraidh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4(2) agus cuirfidh sí an ghníomhaireacht tarchuir ar an eolas dá réir, ag baint úsáid as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Ar an doiciméad agus ar an iarraidh a fháil ón ngníomhaireacht fála a bhfuil dlínse chríche aici sa Bhallstát céanna, cuirtear admháil uathoibríoch chuig an ngníomhaireacht tarchuir tríd an gcóras TF díláraithe dá dtagraítear in Airteagal 3a á rá go bhfuarthas iad." ***;*** | ngníomhaireacht fála a bhfuil dlínse chríche aici sa Bhallstát céanna má bhíonn an iarraidh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4(2) agus***, ag an am céanna,*** cuirfidh sí an ghníomhaireacht tarchuir ar an eolas dá réir, ag baint úsáid as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Ar an doiciméad agus ar an iarraidh a fháil ón ngníomhaireacht fála a bhfuil dlínse chríche aici sa Bhallstát céanna, cuirtear admháil uathoibríoch ***láithreach*** chuig an ngníomhaireacht tarchuir tríd an gcóras TF díláraithe dá dtagraítear in Airteagal 3a lena gcuirfear in iúl go bhfuarthas iad. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 6 – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Beidh feidhm mutatis mutandis ag míreanna 1 go 4 maidir leis na cásanna dá dtagraítear i mír 4 d'Airteagal 3a. Sna cásanna sin, áfach, ní bheidh feidhm ag na sprioc-amanna a leagtar síos i míreanna 1 go 4 den Airteagal seo, ach déanfar na hoibríochtaí ábhartha a luaithe is féidir.";*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 7a – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Oibleagáid*** ionadaí a cheapadh chun críche seirbheála i mBallstát an fhóraim | Ionadaí a cheapadh chun críche seirbheála i mBallstát an fhóraim |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 7a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina seirbheálfar doiciméad lena dtionscnaítear na himeachtaí ar an gcosantóir, ***féadfar le*** dlí Bhallstát an fhóraim ***oibleagáid a fhorchur ar*** na páirtithe a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát eile ionadaí a cheapadh chun críche doiciméid a sheirbheáil orthu i mBallstát an fhóraim. | 1. I gcás ina mbeidh doiciméad lena dtionscnaítear na himeachtaí seirbheáilte ***cheana féin*** ar an gcosantóir agus ***nach mbeidh sé diúltaithe ag an gcosantóir glacadh le doiciméad den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal 8,*** tabharfar ***an rogha***, faoi dhlí Bhallstát an fhóraim, do na páirtithe a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát eile ionadaí a cheapadh chun críche doiciméid a sheirbheáil orthu i mBallstát an fhóraim. ***Más rud é go bhfuil an páirtí lena mbaineann curtha ar an eolas faoi na hiarmhairtí a bheadh ag gabháil le cinneadh a dhéanamh leas a bhaint as an rogha sin agus má tá sí roghnaithe go sainráite aige, déanfar difear do sheirbheáil na ndoiciméad ar ionadaí údaraithe an pháirtí i mBallstát an fhóraim, i gcomhréir le dlíthe agus cleachtais an Bhallstáit sin maidir leis na himeachtaí.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 7 a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás nach gcomhlíonfaidh páirtí an oibleagáid a bhaineann le hionadaí a cheapadh i gcomhréir le mír 1 agus nach dtabharfaidh an duine sin toiliú ***cuntas úsáideora*** leictreonach a úsáid le seirbheáil i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 15a, féadfar úsáid a bhaint as aon mhodh seirbheála a cheadaítear faoi dhlí Bhallstáit an fhóraim chun doiciméid a sheirbheáil le linn na n-imeachtaí, ar choinníoll go gcuirfear an páirtí lena mbaineann ar an eolas go cuí faoin iarmhairt sin."; | 2. I gcás nach gcomhlíonann páirtí an oibleagáid ionadaí a cheapadh i gcomhréir le mír 1 agus nach bhfuil a thoiliú tugtha aige nó aice ***seoladh*** leictreonach a úsáid don tseirbheáil i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 15a, féadfar úsáid a bhaint as aon mhodh seirbheála a cheadaítear faoi dhlí Bhallstáit an fhóraim chun doiciméid a sheirbheáil le linn na n-imeachtaí, ar choinníoll go bhfuil an páirtí lena mbaineann curtha ar an eolas go cuí faoin iarmhairt sin ***faoin tráth a sheirbheálfar an doiciméad lenar dtionscnaítear na himeachtaí.***"; |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 8 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh an ghníomhaireacht fála an seolaí ar an eolas, ag baint úsáid as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn II go bhféadfadh sé nó sí diúltú an doiciméad atá le seirbheáil a ghlacadh mura mbeidh sé scríofa, nó mura mbeidh aistriúchán ag gabháil leis***, i gceachtar de na teangacha seo a leanas***: | 1. Cuirfidh an ghníomhaireacht fála an seolaí ar an eolas, ag baint úsáid as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn II go bhféadfadh sé nó sí diúltú an doiciméad atá le seirbheáil a ghlacadh mura mbeidh sé scríofa, nó mura mbeidh aistriúchán ***oifigiúil*** ag gabháil leis, i dteanga a thuigeann an seolaí***;*** |
| ***(a)*** teanga a thuigeann an seolaí; | |

***nó***

***(b) teanga oifigiúil an Bhallstáit a ndírítear air nó, má tá teangacha oifigiúla éagsúla sa Bhallstát sin, teanga oifigiúil nó ceann de theangacha oifigiúla na háite ina ndéanfar an tseirbheáil.***

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 8 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh an seolaí diúltú glacadh leis an doiciméad tráth na seirbheála nó faoi cheann coicís tríd an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn II a chur ar ais chuig an ngníomhaireacht fála. | 2. Féadfaidh an seolaí diúltú***, ar bhonn forais réasúnacha,*** glacadh leis an doiciméad tráth na seirbheála nó faoi cheann coicís tríd an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn II a chur ar ais chuig an ngníomhaireacht fála. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 8 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina gcuirfear an ghníomhaireacht fála ar an eolas go ndiúltaíonn an seolaí glacadh leis an doiciméad i gcomhréir le mír 1 agus le mír 2, cuirfidh sí an ghníomhaireacht | 3. I gcás ina gcuirfear an ghníomhaireacht fála ar an eolas go ndiúltaíonn an seolaí glacadh leis an doiciméad i gcomhréir le mír 1 agus le mír 2, cuirfidh sí an ghníomhaireacht |

| | |
|---|---|
| tarchuir ar an eolas láithreach trí bhíthin an deimhnithe dá bhforáiltear in Airteagal 10 agus cuirfidh sí an iarraidh ar ais. | tarchuir ar an eolas láithreach trí bhíthin an deimhnithe dá bhforáiltear in Airteagal 10 agus ***déanfaidh sí an iarraidh agus an doiciméad a bhfuil aistriúchán iarrtha ina leith a chur ar ais***. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 8 – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Má dhiúltaigh an seolaí glacadh leis an doiciméad i gcomhréir le mír 1 agus le mír 2, fíoróidh an chúirt nó an t-údarás a bhfuil na himeachtaí dlí a ndearnadh seirbheáil lena linn os a comhair nó os a chomhair an raibh bunús maith leis an diúltú. | 4. Má tá sé diúltaithe ag an seolaí glacadh leis an doiciméad i gcomhréir le mír 1 agus mír 2, fíoróidh an chúirt nó an t-údarás a bhfuil na himeachtaí dlí a ndearnadh seirbheáil lena linn os a comhair nó os a chomhair***, a luaithe is féidir,*** an raibh bunús maith leis an diúltú. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 8 – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Is féidir seirbheáil an doiciméid a leigheas tríd an doiciméad lena ngabhfaidh aistriúchán i dteanga dá bhforáiltear i mír 1 a sheirbheáil ar an seolaí i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo. Sa chás sin, is é dáta seirbheála an doiciméid an dáta a seirbheáiltear an doiciméad a bhfuil ***an*** t- | 5. Is féidir seirbheáil an doiciméid a leigheas tríd an doiciméad lena ngabhann aistriúchán ***oifigiúil*** i dteanga dá bhforáiltear i mír 1 a sheirbheáil ar an seolaí i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo. Sa chás sin, is é dáta seirbheála an doiciméid an dáta a |

| | |
|---|---|
| aistriúchán ag gabháil leis i gcomhréir le dlí an Bhallstáit a ndírítear air. Mar sin féin, i gcás inar gá doiciméad a sheirbheáil faoi cheann tréimhse áirithe de réir dlí Ballstáit, is é an dáta a chuirfear san áireamh maidir leis an iarratasóir dáta seirbheála an doiciméid tosaigh arna chinneadh de bhun Airteagal 9(2). | sheirbheáiltear an doiciméad lena ngabhann aistriúchán ***oifigiúil*** i gcomhréir le dlí an Bhallstáit lena mbaineann. Mar sin féin, i gcás inar gá doiciméad a sheirbheáil faoi cheann tréimhse áirithe de réir dlí Ballstáit, is é an dáta a chuirfear san áireamh maidir leis an iarratasóir ná dáta seirbheála an doiciméid tosaigh arna chinneadh de bhun Airteagal 9(2). |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 8 – mír 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Chun críocha mhír 1, déanfaidh na gníomhairí taidhleoireachta nó consalacha, i gcás ina ndéantar an tseirbheáil i gcomhréir le hAirteagal 13, nó déanfaidh an t-údarás nó an duine, i gcás ina ndéantar an tseirbheáil i gcomhréir le hAirteagal 14 nó le hAirteagal 15a, an seolaí a chur ar an eolas go bhféadfaidh sé nó sí diúltú glacadh leis an doiciméad agus gur gá aon doiciméad a dhiúltaítear a sheoladh chuig na gníomhairí sin nó chuig an údarás sin nó chuig an duine sin faoi seach.”; | 7. Chun críocha mhír 1, déanfaidh na gníomhairí taidhleoireachta nó consalacha, i gcás ina ndéantar an tseirbheáil i gcomhréir le hAirteagal 13, nó déanfaidh an t-údarás nó an duine, i gcás ina ndéantar an tseirbheáil i gcomhréir le hAirteagal 14 nó le hAirteagal 15a, an seolaí a chur ar an eolas go bhféadfaidh sé nó sí diúltú glacadh leis an doiciméad agus gur gá aon doiciméad a dhiúltaítear a sheoladh ***láithreach*** chuig na gníomhairí sin nó chuig an údarás sin nó chuig an duine sin faoi seach.”; |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 14 – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 14<br>Seirbheáil trí sheirbhísí poist | Airteagal 14<br>Seirbheáil trí sheirbhísí poist ***nó cúiréara*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 14 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh seirbhísí poist doiciméid bhreithiúnacha a sheirbheáil go díreach ar dhaoine a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát eile trí litir chláraithe a ngabhann admháil fála léi. | 1. Féadfaidh seirbhísí poist ***nó cúiréara*** doiciméid bhreithiúnacha a sheirbheáil go díreach ar dhaoine a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát eile trí litir chláraithe ***nó beart cláraithe*** a ngabhann admháil fála léi nó leis. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 14 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun críche an Airteagail seo, déanfar seirbheáil leis an bpost trí úsáid a bhaint as an admháil fála shonrach a leagtar amach in Iarscríbhinn IV. | 2. Chun críche an Airteagail seo, déanfar seirbheáil tríd an bpost ***nó le cúiréir*** trí úsáid a bhaint as an admháil fála shonrach a leagtar amach in Iarscríbhinn IV. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 14 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beag beann ar dhlí an Bhallstáit tionscnaimh, measfar go ndearnadh seirbheáil tríd an bpost ar bhealach bailí má seachadadh an doiciméad ar dhaoine fásta i seoladh baile an tseolaí ar daoine fásta iad atá ina gcónaí sa teaghlach céanna leis an seolaí nó fostaithe ansin ag an seolaí agus atá ábalta agus toilteanach glacadh leis an doiciméad. | 3. Gan beann ar dhlí an Bhallstáit tionscnaimh, measfar go ndearnadh seirbheáil tríd an bpost ***nó le cúiréir*** ar bhealach bailí má seachadadh an doiciméad ar dhaoine fásta ag seoladh baile an tseolaí ar daoine fásta iad atá ina gcónaí sa teaghlach céanna leis an seolaí nó atá fostaithe ansin ag an seolaí agus atá ábalta agus toilteanach glacadh leis an doiciméad. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 15 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Soláthróidh gach Ballstát an fhaisnéis don Choimisiún faoin gcineál gairmeacha nó daoine inniúla a gceadaítear dóibh seirbheáil a dhéanamh faoin Airteagal seo ina gcríoch.”; | 2. Soláthróidh gach Ballstát an fhaisnéis don Choimisiún faoin gcineál gairmeacha nó daoine inniúla a bhfuil cead acu seirbheáil a dhéanamh faoin Airteagal seo ina gcríoch. ***Beidh an fhaisnéis sin ar fáil ar líne.***”; |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 15a – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfar doiciméid bhreithiúnacha a sheirbheáil go díreach ar dhaoine a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát eile ar mhodhanna leictreonacha chuig ***cuntais úsáideoirí*** a bhfuil rochtain ag an seolaí orthu, ar choinníoll go gcomhlíontar ***ceann*** de na coinníollacha seo a leanas: | Féadfar doiciméid bhreithiúnacha a sheirbheáil go díreach ar dhaoine a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát eile ar mhodhanna leictreonacha chuig ***seoltaí leictreonacha*** a bhfuil rochtain ag an seolaí orthu, ar choinníoll go gcomhlíonfar ***an dá cheann*** de na coinníollacha seo a leanas: |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 15a – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) seoltar agus faightear na doiciméid ag baint úsáid as seirbhísí seachadta cláraithe leictreonacha cáilithe de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | (a) seoltar agus faightear na doiciméid ag baint úsáid as seirbhísí seachadta cláraithe leictreonacha cáilithe de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***, agus*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 15a – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tar éis imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh, thug an seolaí toiliú sainráite don chúirt nó don údarás a bhfuil na himeachtaí os a comhair nó os a chomhair an ***cuntas úsáideoirí*** áirithe sin a úsáid chun críocha doiciméid a sheirbheáil i gcaitheamh na n-imeachtaí dlíthiúla.”; | (b) tar éis imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh, thug an seolaí toiliú sainráite don chúirt nó don údarás a bhfuil na himeachtaí os a comhair nó os a chomhair an ***seoladh leictreonach*** áirithe sin a úsáid chun críocha doiciméid a sheirbheáil i gcaitheamh na n-imeachtaí dlíthiúla.”; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 15a – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na socruithe mionsonraithe a leagan síos le haghaidh fheidhmiú na seirbhísí seachadta cláraithe leictreonacha cáilithe atá le húsáid chun doiciméid bhreithiúnacha a sheirbheáil trí mhodhanna leictreonacha. Agus an chumhacht sin á feidhmiú aige, áiritheoidh an Coimisiún go ráthófar leis na seirbhísí sin tarchur éifeachtach, iontaofa agus rianúil na ndoiciméad ábhartha, mar aon le hardleibhéil slándála sa tarchur, rochtain chomhionann do dhaoine faoi mhíchumas agus cosaint an phríobháideachais agus sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir 2002/58/CE.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 18 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 17 a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse ***neamhchinntithe ama*** ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | 2. Déanfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 3a, in Airteagal 15a agus in*** Airteagal 17 a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse ***cúig bliana*** ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 18 – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 17 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***dhá*** mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.”; | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagal 3a, Airteagal 15a nó*** Airteagal 17 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***trí*** mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle; |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 18a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(12) cuirtear isteach Airteagal 18a agus Airteagal 18b mar seo a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***'Airteagal 18a*** | |
| ***An córas TF díláraithe a bhunú*** | |
| ***Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear an córas TF díláraithe dá dtagraítear in Airteagal 3a. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18b(2).*** | |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 18b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 18b*** | ***scriosta*** |
| ***Nós imeachta coiste*** | |
| ***1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina*** | |

***choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.***

***2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.; '***

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 19 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás inar ghá doiciméad lena dtionscnaítear na himeachtaí a tharchur chuig Ballstát eile chun críche seirbheála faoi fhorálacha an Rialacháin seo agus nár tháinig an cosantóir i láthair, ní thabharfar breithiúnas go dtí go mbeidh sé suite go ndearnadh an tseirbheáil nó an seachadadh in am trátha chun go bhféadfaidh an cosantóir an méid seo a leanas a chosaint: | 1. I gcás inar ghá doiciméad lena dtionscnaítear na himeachtaí a tharchur chuig Ballstát eile chun críche seirbheála faoi fhorálacha an Rialacháin seo agus nár tháinig an cosantóir i láthair, ní thabharfar breithiúnas go dtí go mbeidh sé suite go ndearnadh an tseirbheáil nó an seachadadh in am trátha ***agus ar bhealach dleathach*** chun go bhféadfaidh an cosantóir an méid seo a leanas a chosaint: |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 19 – mír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) tá tréimhse ama nach giorra ná sé mhí caite ó dháta tharchuir an doiciméid, tréimhse a mheasann an breitheamh sa chás áirithe sin a bheith leordhóthanach;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 19 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2, déanfar iarrachtaí réasúnta chun an cosantóir a chur ar an eolas trí ***aon bhealaí*** cumarsáide atá ar fáil, lena n-áirítear modhanna teicneolaíochta ***cumarsáide*** nua-aimseartha, a bhfuil a sheoladh nó a ***chuntas*** ar eolas ag an gcúirt a bhfuiltear os a comhair, gur tionscnaíodh imeachtaí ina choinne nó ina coinne. | 3. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2, déanfar iarrachtaí réasúnta an cosantóir a chur ar an eolas trí ***gach bealach*** cumarsáide atá ar fáil, lena n-áirítear modhanna teicneolaíochta ***cianchumarsáide*** nua-aimseartha, dá bhfuil seoladh nó ***seoladh leictreonach*** ar eolas ag an gcúirt a bhfuiltear os a comhair, gur tionscnaíodh imeachtaí ina choinne nó ina coinne. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 19 – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. D'ainneoin mhír 1 agus mhír 2, féadfaidh an breitheamh, i gcás práinne, aon bhearta sealadacha nó cosanta a ordú. | 4. D'ainneoin mhír 1 agus mhír 2, féadfaidh an breitheamh, i gcásanna práinne ***a bhfuil údar cuí leo***, aon bhearta sealadacha nó cosanta a ordú. |
| | *(Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an téacs. Má ghlactar leis is gá athruithe comhfhreagracha a dhéanamh tríd síos.)* |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 19 – mír 5 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ní raibh eolas ag an gcosantóir, gan aon locht a bheith air féin, ar an doiciméad in am trátha chun cosaint a dhéanamh, ná ní raibh eolas aige ar an mbreithiúnas in am trátha chun achomharc a dhéanamh; | (a) ní raibh eolas ag an gcosantóir, gan aon locht a bheith air féin, ar an doiciméad in am trátha ***agus/nó ar bhealach dleathach*** chun cosaint a dhéanamh, ná ní raibh eolas aige ar an mbreithiúnas in am trátha chun achomharc a dhéanamh; |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 a (nua)**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 22 – mír -1 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) in Airteagal 22, cuirtear an mhír seo a leanas isteach roimh mhír 1:*** <br> ***-1. Aon phróiseáil a dhéanfar ar shonraí pearsanta de bhun an Rialachán seo, déanfar í i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir 2002/58/CE.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 b (nua)**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 22 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13b) in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*** |
| 1. Ní bhainfidh ***an ghníomhaireacht*** fála úsáid as faisnéis, lena n-áirítear go háirithe sonraí pearsanta, arna tarchur faoin Rialachán seo ach amháin chun na ***críche ar tarchuireadh í***. | 1. Ní bhainfidh ***gníomhaireachtaí tarchuir, gníomhaireachtaí*** fála ***agus comhlachtaí lárnacha*** úsáid as faisnéis, lena n-áirítear go háirithe sonraí pearsanta, arna tarchur faoin Rialachán seo ach amháin chun na ***gcríoch sonrach a leagtar amach sa Rialachán seo***. ***Déanfar sonraí pearsanta nach bhfuil ábhartha chun críocha an Rialacháin seo a scriosadh láithreach.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 c (nua)**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 22 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13c) in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*** |
| 2. Déanfaidh gníomhaireachtaí fála rúndacht faisnéise den sórt sin a áirithiú i gcomhréir ***lena*** ndlí náisiúnta. | 2. Déanfaidh ***gníomhaireachtaí tarchuir,*** gníomhaireachtaí fála ***agus comhlachtaí lárnacha*** rúndacht faisnéise den sórt sin a áirithiú i gcomhréir ***le dlí an Aontais agus an*** dlí náisiúnta. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 d (nua)**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 22 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13d) in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:*** |
| 3. Ní dhéanfaidh mír 1 ná mír 2 difear do dhlíthe náisiúnta lena gcumasaítear daoine is ábhair do shonraí a chur ar an eolas maidir leis an úsáid a bhaintear as faisnéis arna tarchur faoin Rialachán seo. | 3. Ní dhéanfaidh míreanna -1, 1 agus 2 difear do ***dhlíthe an Aontais agus do*** dlíthe náisiúnta lenar féidir daoine is ábhar do shonraí a chur ar an eolas maidir leis an úsáid a bhaintear as faisnéis arna tarchur faoin Rialachán seo. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 e (nua)**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 22 – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13e) in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:*** |
| 4. ***Ní dhéanfaidh*** an Rialachán seo ***dochar do Threoir 95/46/CE ná do Threoir 2002/58/CE***. | 4. ***Maidir le haon phróiseáil ar fhaisnéis a dhéanfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais faoi chuimsiú*** an Rialacháin seo***, déanfaidh siad í i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725***.”; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 23a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoi [***dhá bhliain*** tar éis dháta ***an chur i bhfeidhm***] ar a dhéanaí, bunóidh an Coimisiún clár mionsonraithe chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, ar thorthaí agus ar thionchair an Rialacháin seo. | 1. Faoin [***bliain amháin*** tar éis ***theacht i bhfeidhm*** an Rialacháin] ar a dhéanaí, bunóidh an Coimisiún clár mionsonraithe chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, ar thorthaí agus ar thionchair an Rialacháin seo. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16**

Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007

Airteagal 24 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tráth nach ***luaithe*** ná [***cúig*** bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. | 1. Tráth nach ***déanaí*** ná [***ceithre*** bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa***, agus, i gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil léi***. |